Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10713/19**

**ENV 663**
**CHIMIE 93**
**COMPET 554**
**IND 199**
**PHARM 40**
**AGRI 366**
**RECH 391**
**ECOFIN 676**
**ECO 78**
**SOC 523**
**SAN 333**
**CONSOM 195**
**MI 547**
**ENT 161**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 26 Meitheamh 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10279/19 |
| Ábhar: | I dTreo Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán – Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán thuasluaite, a ghlac an Chomhairle ag an 3705ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 26 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**I dTreo Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán**

**– Conclúidí ón gComhairle –**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI:

An Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Aontais go dtí 2020 dar teideal "Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid" (7ú CGC)[1] ar mhaithe le geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch, agus AG TABHAIRT DÁ hAIRE an tuarascáil ar an meastóireacht a rinneadh ar an gclár[2];

Prionsabal an réamhchúraim, prionsabail an bhirt choiscthigh, prionsabal cheartú an truaillithe ag an bhfoinse agus an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;

Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 dar teideal "I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe" agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), atá ábhartha do bheartas an Aontais maidir le ceimiceáin, lena n-áirítear go gcosnófar sláinte an duine agus an chomhshaoil, dul i dtreo táirgeacht agus tomhaltas inbhuanaithe, teicneolaíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní a áirithiú;

Rúin 1/5 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA) maidir le ceimiceáin agus dramhaíl, 3/4 maidir leis an gcomhshaol agus sláinte, go háirithe an roinn maidir le ceimiceáin, 2/7 agus 4/8 maidir le bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola; Dearbhú Aireachta UNEA ag an gceathrú seisiún aige, dar teideal "*Innovative solutions for environmental challenges and sustainable consumption and production*" [Réitigh nuálacha ar dhúshláin chomhshaoil agus ar tháirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe];

---

1 IO L 354 den 28 Nollaig 2013, lch. 171.

2 9416/19 - COM(2019) 233 final+ ADD 1 agus ADD 2

*Global Chemicals Outlook II*, [an dara hIonchas Domhanda Ceimiceán], arna shainordú ag UNEA, ina socraíodh nach mbainfear amach an sprioc dhomhanda maidir le drochthionchair ceimiceán agus dramhaíola a íoslaghdú faoi 2020 agus go bhfuil géarghá le gníomhaíocht dhomhanda níos uaillmhianaí ó na geallsealbhóirí uile;

An Cur Chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM) ina leagtar amach bearta agus spriocanna i ndáil leis na saincheisteanna beartais agus príomhábhair imní atá ag teacht agus an próiseas idirsheisiúnach le haghaidh bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola tar éis 2020;

Na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teidil "*The combination effects of chemicals - Chemical mixtures*"[3] [Éifeachtaí comhcheangailte ceimiceán - meascáin cheimiceacha], "On the *Implementation of the Circular Economy package: options to address the Interface between Chemical, Product and Waste legislation*"[4] [Cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht um cheimiceáin, um tháirgí agus um an dramhaíl], "*Commission General Report on the operation of REACH and review of certain elements*"[5], [Tuarascáil Ghinearálta ón gCoimisiún maidir le hoibriú REACH agus athbhreithniú ar ghnéithe áirithe] "*Towards a comprehensive European Union Framework on endocrine disruptors*"[6], [I dtreo chreat cuimsitheach an Aontais Eorpaigh maidir le suaiteoirí inchríneacha]", "*European Union Strategic Approach to Pharmaceuticals in the Environment*"[7] [Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol] agus *"Findings of the Fitness Check of the most relevant chemicals legislation (excluding REACH) and identified challenges, gaps and weaknesses"*[8] [Torthaí na Seiceála Oiriúnachta maidir leis an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (gan REACH a áireamh) agus na dúshláin, bearnaí agus laigí a shainaithnítear];

Na rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2018 dar teideal "Cur chun feidhme an phacáiste maidir leis an ngeilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht um cheimiceáin, um tháirgí agus um an dramhaíl"[9] agus an 18 Aibreán 2019 dar teideal "I dtreo chreat cuimsitheach an Aontais Eorpaigh maidir le suaiteoirí inchríneach"[10];

---

3 10923/12 - COM(2012) 252 final
4 5479/18 - COM(2018) 32 final + ADD 1
5 6916/18 - COM(2018) 116 final + ADD 1 - 7
6 14204/18 - COM(2018) 734 final
7 7680/19 - COM(2019) 128 final
8 10705/19 + ADD 1 - ADD 3
9 2018/2589(RSP)
10 2019/2683 (RSP)

Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid seo a leanas

- *Closing the loop - An EU action plan for the Circular Economy* [An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach];
- Cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil trí bhainistiú fónta ceimiceán;
- An éiceanuálaíocht: an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach a chumasú;
- Beart a dhéanamh maidir le plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar ciorclach;
- *Towards an ever more sustainable Union by 2030* [I dTreo Aontas Inmharthana Níos Inbhuanaithe faoi 2030];
- An Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) (2018);

AG CUR I dTREIS DI an cinneadh a rinneadh sa 7ú CGC straitéis de chuid an Aontais i comhair comhshaol neamhthocsaineach a fhorbairt faoi 2018, cinneadh ar ar leagadh béim sna conclúidí ón gComhairle an 19 Nollaig 2016, inar iarradh freisin ar an gCoimisiún uasdátú a dhéanamh ar an Straitéis uaidh ar shuaiteoirí inchríneacha (1999), agus Á THABHAIRT DÁ hAIRE DI, agus imní dá réir uirthi, nár chomhlíon an Coimisiún an gealltanas sin;

AG TABHAIRT DÁ HAIRE DI thairis sin, maidir leis na gníomhaíochtaí a bhaineann le ceimiceáin, nár chomhlíon an Coimisiún na gealltanais atá sa 7ú CGC ina n-iomláine, go háirithe i ndáil le suaiteoirí inchríneacha, nana-ábhair, comhéifeachtaí ceimiceán agus na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha agus ceimiceáin a bheith á n-úsáid i dtáirgí agus an nochtadh a ghabhann leis sin;

AG AITHINT DI a thábhachtaí atá sé leanúint den eolas faoi ghuaiseacha ceimiceán agus éifeachtaí (éicea)tocsaineolaíocha a dhoimhniú agus aghaidh a thabhairt ar bhealach leordhóthanach ar na neamhchinnteachtaí a bhaineann le nochtadh do cheimicí, AG MEABHRÚ DI a thábhachtaí atá faireachán comhshaoil agus bithmhonatóireacht dhaonna chun nochtadh comhcheangailte an chomhshaoil agus daoine do cheimiceáin a thaifeadadh mar aon le ról uathúil na n-uirlisí sin chun nochtadh nach eol go dtí seo ar shubstaintí a chruthaíonn fadhbanna do shláinte an duine agus don chomhshaol a shainaithint agus chun rialú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialacha agus na rialachán darb aidhm an nochtadh sin a laghdú; an géarghá atá le struchtúr, arna mhaoiniú ar bhealach inbhuanaithe, do thaighde feidhmeach sa réimse seo Á CHUR I DTREIS. Ba cheart go n-áiritheofar leis seo, *inter alia*, leanúint de na tionscnaimh atá ann cheana i réimsí na bithmhonatóireachta daonna, fhorbairt agus oiriúnú na modhanna tástála sa thocsaineolaíochta agus an bhunúis eolaíoch do mheasúnú riosca agus do bhainistiú riosca ceimiceán;

AG AITHINT DI go ndéantar measúnú ar an tionchar a imríonn substaintí ceimiceacha eile (amhail lotnaidicídí) ar an gcomhshaol, ar an aeráid, agus ar an tsláinte, faoi chreat na bpróiseas tiomnaithe, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, a bhfuil meastóireacht REFIT á dhéanamh air faoi láthair, agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí;

AG CUR CHUN SUNTAIS DI gur chóir don chomhar rialála in earnáil na gceimiceán caighdeáin agus prionsabail an Aontais, mar aon leis an gceart chun rialála, a chosaint i dtaca le sláinte an duine agus leis an gcomhshaol, agus gur cheart do chomhaontuithe saorthrádála na caighdeáin idirnáisiúnta is airde dar féidir a chur chun cinn, go háirithe iad siúd a bhaineann le cúrsaí sláinte agus comhshaoil;

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an próiseas faoin gCur Chuige Straitéiseach maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán (SAICM) chun creat cumasúcháin nua a fhorbairt le haghaidh bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola tar éis 2020, agus d'fhonn cuidiú chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach freisin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sineirgí idir na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus réigiúnacha uile atá ann maidir le ceimiceán agus dramhaíl; TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag rannchuidiú go gníomhach leis an bpróiseas sin, *inter alia* trí chomhsheasaimh soiléire a ullmhú do na cruinnithe idirsheisiúnacha, d'fhonn cur chuige cothrománach iomlánaíoch i leith bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola ar an leibhéal idirnáisiúnta a bhaint amach, cur chuige a chuirfidh na heagraíochtaí agus na geallsealbhóirí ábhartha uile san áireamh agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme acu, lena n-áirítear ag an gcúigiú cruinniú den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Bainistiú Ceimiceán (ICCM 5); tugann sin deis don Aontas rannchuidiú leis an bpróiseas sin i gcomhréir lena chuspóirí agus rialacha polaitiúla, agus ina theannta sin, is féidir é a úsáid chun gur féidir ceimiceáin agus dramhaíl a bhainistiú ar bhealach éifeachtach fónta;

2. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá measúnú an riosca cheimicigh agus bainistiú na gceimiceán i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus a phríomhshruthú d'fhonn ualach neamhriachtanach a sheachaint agus cur le comhleanúnachas agus éifeachtacht reachtaíocht an Aontais i ndáil le ceimiceáin chun ardleibhéal cosanta a bhaint amach do shláinte an duine agus don chomhshaol, go háirithe a mhéid a bhaineann le prionsabal an réamhchúraim agus le cosaint éifeachtach oibrithe; TACAÍONN SÍ le forbairt agus cur chun feidhme córais réamhrabhaidh ar leibhéal an Aontais chun rioscaí ceimiceacha nua atá ag teacht chun cinn a shainaithint, lena bhféadfar gníomhaíochtaí iomchuí a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus chun bearta a chur chun feidhme chun ábhair imní a chosc nó a rialú;

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé athscrúdú agus athbhreithniú a dhéanamh, mar is iomchuí, ar na ceanglais reatha tástála d'fhonn a áirithiú go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach, comhsheasmhach agus comhleanúnach ar chuspóirí sláinte is ábhartha go háirithe do leanaí agus do ghrúpaí leochaileacha eile (e.g. néarthocsaineacht, tionchair ar fhorbairt an chórais imdhíonachta, briseadh inchríneach, tocsainchinéitic etc.) i reachtaíocht iomlán ceimiceán an Aontais; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a riachtanaí atá sé sásra ábhartha a fhorbairt lena ndéanfar comhordú ar chosaint grúpaí leochaileacha, amhail leanaí, mná torracha agus mná a bhíonn ag cothú linbh ar an gcíoch, lena n-áirítear trí cheanglais chomhsheasmhacha maidir le bainistiú riosca a thabhairt isteach sa reachtaíocht ábhartha a bhaineann le substaintí ar údar imní iad, lena n-áirítear néartocsainí agus suaiteoirí inchríneacha;

4. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le hidirphlé maidir le beartais eolaíochta a neartú i dtaca le saincheisteanna ceimiceán agus dramhaíola, lena n-áirítear ar an leibhéal idirnáisiúnta; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá cistiú do thaighde agus nuálaíocht inbhuanaithe arb é is aidhm dóibh cur le tuiscint eolaíoch ar thionchair na gceimiceán guaiseach ar an gcomhshaol, ar an tsláinte, ar an mbithéagsúlacht agus ar athléimneacht an éiceachórais, mar aon le taighde a chur chun cinn maidir le modhanna a fheabhsú chun guaiseacha a bhaineann le ceimiceáin a shainaithint;

5. AITHNÍONN SÍ an clár taighde Tionscnamh Bithmhonatóireachta Daonna don Eoraip (HBM4EU) sa phlé faoi eolaíocht agus an beartas Eorpach maidir le ceimiceáin, mar aon leis an Ardán Faisnéise um Monatóireacht ar Cheimiceáin (IPCHEM), agus MOLANN SÍ an chomhroinnt agus úsáid fheabhsaithe sonraí faireacháin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais idir tíortha agus idir réimsí beartais freisin (e.g. uisce, ceimiceáin, aer, bithmhonatóireacht, sláinte, etc.) agus idir institiúidí ábhartha; IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le gníomhaíochtaí bithmhonatóireachta daonna Eorpacha a chomhcheangal agus a fhorbairt a thuilleadh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú gur féidir leanúint leis na gníomhaíochtaí sin faoin gclár nua "Fís Eorpach"; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún forbairt an bhonneagair iomchuí a spreagadh chun go mbeidh na sonraí sin infhaighte, inrochtana, idirinoibrithe agus inathúsáidte chun go ndéanfar iad a athúsáid agus go seachnófar an dúbailt;

6. MOLANN SÍ go ndéanfaí cuir chuige amhail ceimic ghlas nó inbhuanaithe agus roghanna malartacha neamhcheimiceacha a chur chun cinn, agus príomhghnéithe na gcoincheap sin a chuimsiú i mbeartas ceimiceán an Aontais trí bhearta rialála, lena ndéantar iarrachtaí teacht ar roghanna malartacha ar shubstaintí ar údar imní mór iad a threisiú, agus bearta neamhrialála chun forbairt réitigh cheimiceacha agus neamhcheimiceacha atá sábháilte agus inbhuanaithe a éascú, lena n-áirítear, i measc réiteach eile, geilleagar ciorclach neamhthocsaineach a chur chun cinn; ós amhlaidh atá, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún taighde teicniúil agus forbairt modheolaíochtaí iomchuí agus samhlacha gnó seirbhísbhunaithe a spreagadh chun ceapadh sábháilte a áirithiú feadh slabhra luacha an phróisis nuálaíochta; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tacú go hairithe le hiarrachtaí FBManna substaintí ar údar imní iad a mhalartú trí T&F, infheistíochtaí i gceimiceáin inbhuanaithe agus nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn trí chláir an Aontais, lena n-áirítear trí an gclár 'Fís Eorpach'; CUIREANN SÍ an ceart chun faisnéise I bhFIOS GO LÁIDIR chun go mbeidh tomhaltóirí in ann na roghanna eolasacha a dhéanamh, chomh maith le táirgeoirí, miondíoltóirí agus athchúrsálaithe d'fhonn dul i dtreo timthriallta ciorclacha ábhar neamhthocsaineach agus d'fhonn úsáid inbhuanaithe ábhair thánaisteacha a áirithiú;

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún roghanna a thíolacadh chun ceanglais a thabhairt isteach i gcodanna ábhartha de reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar na héifeachtaí comhcheangailte ceimiceán (éifeachtaí manglaim) agus comhnochtadh daoine agus an chomhshaoil ó na foinsí ábhartha uile sa phróiseas measúnaithe riosca agus bainistithe riosca, ar bhealach cuí, comhleanúnach;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór obair éifeachtach éifeachtúil na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) a áirithiú trí chistiú agus acmhainniú inbhuanaithe a chur ar bun don Ghníomhaireacht; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé trédhearcacht agus comhar eolaíoch leis an Aontas agus le hinstitiúidí nach de chuid an Aontais iad, agus le gníomhaireachtaí díláraithe eile, a atreisiú chun comhleanúnachas agus sochair ó shineirgí a áirithiú agus ról a thabhairt do ECHA i réimsí eile reachtacha;

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheas an bhféadfaí sásra a bheith ann lenar cheart do na gníomhaireachtaí Eorpacha a bheith in ann tabhairt faoi staidéir, go neamhspleách agus i gcás líon an-teoranta cásanna, a bheadh comhlántach leis na staidéir a sholáthraíonn an tionscal, go háirithe i gcásanna conspóideacha nó nuair a bhíonn amhras mór ann, gan an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a chur i mbaol;

10. ATHDHEARBHAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Nollag 2016 i ndáil le forálacha an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol (CGC) i ndáil le straitéis de chuid an Aontais, a shaineofar go soiléir, i gcomhair comhshaol neamhthocsaineach a fhorbairt faoi 2018; dá bhrí sin, MOLANN SÍ don Choimisiún straitéis de chuid an Aontais i gcomhair comhshaol neamhthocsaineach a fhorbairt, gan a thuilleadh moille, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le hinstitiúidí an Aontais, i gcomhréir le forálacha ábhartha uile an 7ú CGC, na spriocanna forbartha inbhuanaithe níos leithne agus an cuspóir domhanda maidir le bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola agus an straitéis sin nasctha le beartais reatha an Aontais chun an comhshaol a chosaint, go háirithe an geilleagar ciorclach, agus le beartais an Aontais maidir le fás, poist agus iomaíochas, ina mbeartaítear cuspóirí soiléire meán- agus fadtéarmacha i ndáil le beartas ceimiceán cuimsitheach fadtéarmach inbhuanaithe de chuid an Aontais;

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, le straitéis an Aontais i gcomhair comhshaol neamhthocsaineach, gur cheart a dhíriú, *inter alia*, ar an teagmháil leis na substaintí uile ar cúis imní iad agus a chuirtear ar an margadh nó a scaoiltear amach sa chomhshaol a laghdú chun an tionchar a bhíonn ag ceimiceáin ghuaiseacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú go mór; ba cheart a chur sa straitéis sin prionsabail na ceimice glaise agus inbhuanaithe mar chuid de bheartas an Aontais, lena n-áirítear cur chuige trasearnálach beartais, agus a thabhairt san áireamh, *inter alia*, an tuarascáil maidir le hathbhreithniú REACH, comhéadan na gceimiceán, na dtáirgí agus na dramhaíola agus an comhairliúchán a rinneadh ina diaidh agus torthaí na seiceála oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (seachas REACH);

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún go gcuirfí sa togra uaidh maidir leis an 8ú CGC, atá le glacadh i dtús na bliana 2020 ar a dhéanaí, gealltanais go gcuirfear chun feidhme na bearta leantacha a ghabhann le straitéis an Aontais do chomhshaol neamhthocsaineach agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a thiocfaidh i gceist amach anseo maidir le ceimiceáin;

13. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mheas a dhéanamh ar a fhiúntaí atá sé sainmhínithe, ceanglais sonraí agus modhanna tástála a chomhchuibhiú sa reachtaíocht maidir le substaintí chun comhsheasmhacht, éifeachtúlacht agus trédhearcacht na reachtaíochta sin a fheabhsú;

14. CUIREANN SÍ I dTREIS an imní atá ag dul i méid i leith sláinte agus an comhshaol mar thoradh ar cheimiceáin fhíor-mharthanacha; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go háirithe an fhianaise atá ag dul i méid maidir leis na héifeachtaí díobhálacha dar siocair teagmháil le comhdhúile fíor-fhluarínithe (PFAS), an fhianaise go bhfuil PFAS go forleathan san uisce, ithir, earraí agus dramhaíl agus an bhagairt a d'fhéadfadh a bheith ann dár soláthair uisce óil mar gheall air sin; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a fhorbairt chun deireadh a chur le gach úsáid neamhriachtanacha a bhaintear as comhdhúile fíor-fhluarínithe (PFAS);

**Ábhair chógaisíochta**

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol, ina shainaithnítear sé réimse gníomhaíochta maidir le gach céim de shaolré na cógaisíochta inar féidir feabhsuithe a dhéanamh; CUIREANN SÍ I dTREIS an fhianaise atá ag teacht chun solais go bhfuil riosca ag baint le hearraí áirithe cógaisíochta gona n-iarmhair, ar ar thángthas san ithir agus san uisce, don chomhshaol agus do shláinte an duine agus na n-ainmhithe;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé luas a chur le gníomhaíochtaí nithiúla uaillmhianacha chun an riosca a bhaineann le hábhair chógaisíochta gona n-iarmhair don chomhshaol a laghdú, agus aithníonn sí san am céanna gur gá tuilleadh taighde a dhéanamh chun gur fearrde ár dtuiscint ar a mhéid a imríonn, agus a imreoidh feasta, ábhair chógaisíochta gona n-iarmhair tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is éifeachtaí, lena n-áirítear bearta reachtacha, a mheas agus a shainiú, chun éifeachtaí na cógaisíochta sa chomhshaol a mhaolú, chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac agus chun an nasc le hearnáil na sláinte i ndáil leis sin a atreisiú;

**REACH**

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an athbhreithniú ar REACH agus IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme na pointí gníomhaíochta a sainaithníodh sa tuarascáil sin;

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá na gníomhaíochtaí nithiúla ón gCoimisiún chun comhlíonadh a áirithiú agus chun cáilíocht chomhaid chlárúcháin REACH a fheabhsú, ó tharla gurb iad na sonraí seo is bunús lena leis na bearta ar fad is gá a dhéanamh chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint; TUGANN SÍ DÁ hAIRE Straitéis Chomhtháite Rialála ECHA agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a fhaireachán go gcuirfear chun feidhme in am é; CUIREANN SÍ I dTREIS, maidir leis na comhaid chlárúcháin ábhartha uile e.g. iad siúd uile a sainaithníodh sa phróiseas seo mar thosaíocht do ghiniúint sonraí, gur cheart do ECHA a sheiceáil an gcomhlíonfaidh siad gnáthcheanglais sonraí REACH faoi 2028; CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá sásra éifeachtach chun na comhaid chlárúcháin a nuashonrú, lena n-áirítear, mar shampla, fiosrúcháin ó ECHA maidir le nuashonrú i gcás nach ndearnadh na clárúcháin a nuashonrú le tamall fada, agus gur gá beart chun nósanna imeachta meastóireachta REACH a luasghéarú agus a chuíchóiriú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ECHA, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí uile, plean gníomhaíochta maidir le comhaid a chomhlíonadh a fhorbairt faoi mhí na Nollag 2019;

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún nósanna imeachta um údarú agus srianadh REACH a fheabhsú tríd an anailís ar roghanna eile a fheabhsú chun ionadaíocht a dhéanamh ar shubstaintí ar cúis mhór imní iad, agus gan ionadaíocht chásmhar a dhéanamh le substaintí ar féidir rioscaí do-ghlactha eascairt astu agus trí chur le bailiú agus comhroinnt na faisnéise atá ar fáil idir an tionscal agus ECHA; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar ECHA údarú a dhiúltú i gcás nach leor an fhaisnéis atá ar fáil; agus IARRANN SÍ freisin ar an gCoimisiún idirphlé ginearálta a thionscnamh maidir leis an anailís shocheacnamaíoch, sainaithint na roghanna eile agus measúnú orthu, lena n-áirítear roghanna neamhcheimiceán, leibhéal inghlactha an riosca atá comhoiriúnach leis an ardleibhéal cosanta ar fud na bpróiseas rialála uile, a chriticiúla atá na húsáidí agus rogha iomchuí na mbeart bainistithe riosca d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as údarú agus srianadh mar mhodh chun céimniú amach na substaintí ar cúis imní iad a bhaint amach; chun forfheidhmiú éifeachtach reachtaíocht REACH agus reachtaíocht maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a éascú, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aird ar leith a thabhairt chun comhleanúnachas a áirithiú sa chomhéadan idir an dá phíosa reachtaíochta;

20. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart na substaintí ábhartha uile ar cúis mhór imní iad, lena n-áirítear substaintí ina bhfuil tréithe suaiteora inchrínigh agus ar cúis imní freisin iad, a chur ar liosta iarrthóra REACH faoi 2020 agus CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór leanúint leis an obair ríthábhachtach sin i ndiaidh 2020 freisin chun substaintí féideartha eile ar cúis mhór imní iad a bhrath, agus a áirithiú anois agus feasta go gcomhlíontar go hiomlán na comhaid chlárúcháin;

21. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar bhainistiú riosca agus rialála na substaintí ar cúis imní iad atá in ábhair athshlánaithe faoi REACH lena ndírítear ar thimthriallta ábhair neamhthocsainigh agus ar ailíniú níos fearr na gceimiceán, na dtáirgí agus an bheartais dramhaíola chun margadh a spreagadh d'amhábhair thánaisteacha ardchaighdeáin atá sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol;

22. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh gá le hiarrachtaí breise chun cothrom na Féinne a chruthú d'earraí allmhairithe agus d'earraí a dhéantar san Aontas chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol, trí shrian a chur ar úsáid substaintí ar údar mór imní iad in earraí allmhairithe nuair nach mbíonn údarú acu ón Aontas, agus chun míbhuntáistí iomaíocha a sheachaint idir comhlachtaí an Aontais agus comhlachtaí nach de chuid an Aontais iad; IARRANN SÍ go neartófaí an forfheidhmiú a dhéanann na húdaráis inniúla ar REACH agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar fhéidearthachtaí lena bhféadfaí obair na n-údarás custaim a éascú, go háirithe i dtaca leis an gcód TARIC do shubstaintí, meascáin agus earraí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé trádáil agus gáinneáil neamhdhleathach substaintí dochracha agus dramhaíola a chomhrac ar leibhéal domhanda freisin;

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a marana a dhéanamh faoi bhileoga sonraí sábháilteachta a shimpliú go háirithe trí íoscheanglais a leagan síos i gcomhair cásanna nochta agus IARRANN SÍ ar ECHA modheolaíochtaí a fhorbairt maidir le cásanna nochta do mheascáin;

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na Ballstáit agus na geallsealbhóirí a chur ar an eolas go rialta faoi na gníomhaíochtaí a thugtar fúthu agus faoin dul chun cinn a bhaintear amach maidir le cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le hathbhreithniú REACH faoi mhí an Mhárta 2020;

**Nana-ábhair**

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór faisnéis a bhailiú maidir le húsáidí agus nochtadh i ndáil le nana-ábhair agus an measúnú riosca agus modhanna tástála bailíochtaithe a nuashonrú agus a fheabhsú i ndáil leis sin; TÁTHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún an t-athbhreithniú ar an moladh maidir le nana-ábhair a shainmhíniú a thabhairt i gcrích, athbhreithniú a dhéanamh air de réir mar is gá agus a áirithiú go sainaithnítear na nana-ábhair go comhsheasmhach agus go dtugtar aghaidh orthu sa reachtaíocht uile le sainmhíniú atá ceangailteach ó thaobh dlí;

26. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur sheol ECHA Faireachlann an Aontais Eorpaigh maidir le Nana-ábhair (EUON) in 2017, agus sainordú aici go 2020; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún síneadh a chur le sainordú ECHA chun sonraí taighde a bhailiú agus a chur ar fáil maidir le tréithriú, guais agus nochtadh féideartha nanafhoirmeacha na substaintí nár cláraíodh go dtí seo faoi REACH mar go bhfuil a dtonnáiste bliantúil faoin tairseach tonna amháin in aghaidh na bliana, agus a iarraidh go rialta ar ECHA feidhmíocht agus tionchar EUON a mheasúnú;

**Suaiteoirí inchríneacha**

27. MOLANN SÍ don Choimisiún a áirithiú go mbeidh ann ardleibhéal cosanta a bhaint amach do shláinte an duine agus don chomhshaol trí theagmháil le suaiteoirí inchríneacha a laghdú, mar a fhormhuinítear sa 7ú CGC, agus trí ionadaíocht le ceimiceáin níos sábháilte a spreagadh, a mhéid is féidir ó thaobh na teicneolaíochta agus na praiticiúlachta de, agus plean gníomhaíochta a sholáthar, gan mhoill mhíchuí, ina mbeidh bearta soiléire nithiúla maille le amlíne uaillmhianach chun an méid sin a dhéanamh;

28. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh ón gCoimisiún na ceanglais sonraí a nuashonrú sa reachtaíocht ábhartha uile chun sainaithint suaiteoirí inchríneacha a fheabhsú agus a luasghéarú, agus TÁTHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún é sin a bheith ina thosaíocht agus ina ard-uaillmhian aige chun go mbeifear in ann substaintí ina bhfuil tréithe suaiteora inchrínigh a shainaithint; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an bonn faisnéise a mhéadú i ndáil leis na sásraí lena dtarlaíonn suaitheadh inchríneach ach Conairí Toraidh Neamhfhabhraigh a fhorbairt agus a thabhairt isteach lena dtugtar tacaíocht d'inchreidteacht bhitheolaíoch ar shuaitheadh inchríneach; IS DÍOL SÁSAIMH DI i dtaca leis an méid sin bunú an Chórais Faisnéise maidir le Substaintí Gníomhacha Gníomhachta (EASIS);

29. TÁTHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige cothrománach a fhorbairt do shainaithint agus bainistiú riosca na suaiteoirí inchríneacha atá bunaithe ar ghuais, agus an neamhchinnteacht a bhaineann le sainaithint guaiseacha agus measúnú rioscaí ar cheimiceáin ina bhfuil tréithe suaiteora inchrínigh á dtabhairt ar aird; agus CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil géarghá aird ar leith a thabhairt ar na héifeachtaí manglaim agus nochtadh comhcheangailte daoine agus an chomhshaoil ó na foinsí ábhartha uile.